Foras na Gaeilge

# Miontuairiscí Chruinnithe Boird Fhoras na Gaeilge

## don bhliain 2023


| **Dáta** | **Leathanach** |
|---|---|
| 27 Eanáir | 02 |
| 10 Márta | 07 |
| 28 Aibreán | 14 |
| 30 Meitheamh | 19 |
| 08 Meán Fómhair | 25 |
| 03 Samhain | 30 |
| 15 Nollaig | 37 |

**Miontuairiscí ón 201ú Cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 27 Eanáir 2023**
**i Seomra an Bhoird, Áras na Gaeilge, Sráid Amiens, Baile Átha Cliath**

**I láthair:** R. Uí Chollatáin (Cathaoirleach), C. McGuinness (Leaschathaoirleach), M. Ní Chonghaile (ar líne ar chúiseanna eisceachtúla), W. Majekodunmi, D. Mac Cárthaigh, N. Ní Chiaráin, K. Ó hEadhra, C. Mac Giolla Mhín, F. Nic Giolla Chatháin, L. Ní Riada

**Ag freastal:** S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), E. Ní Chorráin (Leas-Phríomhfheidhmeannach), S. Ó hEidhin agus B. MacCraith

**Leithscéalta:** L. Rushe, D. Ó Brolcháin, I. Ó Dochartaigh

### 01. Fáilte ón gCathaoirleach

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh na comhaltaí boird agus roimh Sheán Keating a thosaigh i Mí Eanáir. Rinneadh comhghairdeas le hEdel Ní Chorráin as a ceapachán mar Stiúrthóir Seirbhísí Foilsitheoireachta, Foclóireachta agus Téarmaíochta.

### 02. Gnó an Chathaoirligh

Dhearbhaigh an Cathaoirleach go raibh córam ann don chruinniú agus luaigh sí na rudaí seo a leanas:

(a) Go raibh seisiún gan feidhmeannas roimh an gCruinniú Boird agus gur pléadh na rudaí seo a leanas:

- Go gcuirfear páipéar le chéile a chuirfear faoi bhráid an Bhoird maidir leis an lá straitéiseach. Pléadh ceist an dáta agus socraíodh an Satharn, an 22 Aibreán. Míníodh freisin go mbeidh an lá straitéiseach bunaithe ar chaipéis a cuireadh le chéile in 2020. Luadh go mbeidh na téamaí seo a leanas san áireamh mar théamaí don phlé:
    - Oideachas;
    - Teaghlach;
    - Feasacht; agus
    - Foclóirí.

- Go bhfuil an dualgas ar Chathaoirligh coistí socrú a dhéanamh le Leas-Chathaoirleach an choiste mura bhfuil an Cathaoirleach ar fáil, le go mbeifear in ann tuairisc cheart a dhéanamh don Bhord.

(b) Pléadh go mbeidh seisiún oiliúna le déanamh ar líne ag na comhaltaí boird go luath.

(c) Luadh go gcuirfear an cur chuige atá roghnaithe don lá straitéiseach roimh an gcéad Choiste Osradhairc eile lena fhaomhadh.

**03. Miontuairiscí ón gCruinniú Boird 16 Nollaig 2022**

- Luaigh M. Ní Chonghaile nach raibh a hainm luaite faoi ‘i láthair’ sna miontuairiscí cé go raibh sí i láthair.
- Agus an leasú sin san áireamh glacadh leis na miontuairiscí ó 16 Nollaig 2022.

**04. Nithe ag éirí as na miontuairiscí**

Bhí na nithe seo a leanas ag éirí as na miontuairiscí:

- Tá ceartú déanta ar an tagairt www.textbook.ie – cuireadh an t-ainm mícheart ar www.leighleat.com sa liosta athdháilte i dtuairisc na hardbhainistíochta. Tá sé ceartaithe sa liosta reatha.
- Tá an cháipéis tagartha a bhaineann leis an athdháileadh ar fáil ar Decision Time anois.
- Tá nuashonruithe bunaithe ar PG2023 le déanamh ar an gclár rioscaí agus beidh sé le cur faoi bhráid an Bhoird ag cruinniú Boird an 10 Márta 2023.
- Mheabhraigh an Cathaoirleach do chomhaltaí go mbeidh freastal ar na cruinnithe i bpearsa as seo amach ach amháin i gcásanna eisceachtúla.

**05. Baol Coimhlintí Leasa**

Ní raibh aon bhaol coimhlintí leasa ann.

**06. Tuairisc na hArdbhainistíochta**

(a) Chuir an Príomhfheidhmeannach Tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith.

D’ardaigh an Príomhfheidhmeannach na pointí seo a leanas:

- Nach raibh sé in ann freastal ar ócáid ag Gníomhaireacht na hUltaise agus go mbeadh an Tuairisc le leasú dá réir.
- Rinneadh trácht ar an gcruinniú a bhí ag an bPríomhfheidhmeannach agus an Leas-Phríomhfheidhmeannach le hoifigigh ó Oifig Thuaisceart Éireann.

- Ghabh an Príomhfheidhmeannach agus Cathaoirleach buíochas le W. Majekodunmi as bheith mar bhean tí ag ócáid 'Céad Míle Fáilte' Chonradh na Gaeilge.

(b) Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl nár ghá feidhm a bhaint as an gcead tarmligin a ceadaíodh ag Cruinniú Boird an 15 Nollaig do Scéim Thacaíochtaí Fuinnimh an Rialtais ó dheas, agus go raibh na híocaíochtaí sin ag teacht chuig an mBord anois lena gceadú. Thug an Bord a gcead €225,000 a íoc faoin scéim do na deontaithe mar a tuairiscíodh.

(c) Bunaithe ar iarratas ón bhfeidhmeannas, tugadh cead don Phríomhfheidhmeannach i gcomhar leis an gCathaoirleach, faoin scéim tharmligin, an deontas de £82,000 a ceadaíodh do Chairde Teo faoin Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge (SFLG) a dhíscríobh agus an deontas sin a cheadú d'Aonach Mhacha faoin scéim chéanna. Cinnteoidh sin nach bhfágfar an deontaí úr gan mhaoiniú go dtí an chéad chruinniú Boird eile ar an 10 Márta 2023. Iarrfar ar an mBord údarú siarghabhálach a dhéanamh ar an gcinneadh ag Cruinniú Boird an 10 Márta 2023. Thug an Bord an cead a iarradh faoin Scéim Tharmligin.

(d) Thug an Bord suntas do na tuairiscí ar Chomh-Choiste Gaeilge Údarás Craolacháin Éireann agus ar www.tearma.ie.

Glacadh le Tuairisc na hArdbhainistíochta.

**07. Cur i láthair ar an gCiste Tionscadal**

Cuireadh an cur i láthair ar an gCiste Tionscadal siar go dtí an chéad chruinniú eile toisc nach raibh an t-oifigeach a bhí lena thabhairt in ann a bheith i láthair ag an gcruinniú.

**08. Tuairisc ó Choistí an Bhoird**

**a) Coiste Osradhairc**

Thug Cathaoirleach an Choiste achoimre ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste Osradhairc.

**b) Coiste Cholmcille**

Thug Cathaoirleach an Choiste achoimre ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú de Choiste Cholmcille.

Tugadh eolas maidir leis an gcaidreamh a bhíonn ag Foras na Gaeilge le heagraíochtaí Manainnise.

**09. Ráiteas Caiteachais go 30 Nollaig 2022**

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha (SSC) an Ráiteas Caiteachais go 30 Nollaig 2022 i láthair an Bhoird.

- Tuairiscíodh gurbh é an líne tuarastail an figiúr is mó a d'athraigh ach gur bhain an t-ardú is mó leis na daoine a bhí ag dul ar scór. Míníodh don Bhord go mbíonn ar Fhoras na Gaeilge na costais reatha pinsin a bhaineann le hiarfhostaithe Bhord na Gaeilge agus Fhoras na Gaeilge a mhaoiniú as an mbuiséad reatha gach bliain, agus go bhfuil an costas a bhaineann leis sin ag ardú gach bliain. Faoi láthair, bíonn costais 30 pinsean le híoc as an mbuiséad, agus go mbíonn ualach mór ar acmhainní foirne dá bharr.
- Dúradh go bhfuair Foras na Gaeilge tacaíocht leis na harduithe pá a cheadaigh an Rialtas ó dheas le linn 2022.
- Thuairiscigh an SSC gur caitheadh buiséad 2022 mar a bhí beartaithe, go raibh leibhéal na fuílleach bainc i ndeireadh na bliana chomh híseal agus a d'fhéadfadh siad a bheith, agus go mbíonn fuílligh i gcónaí de dhíth chun cíos, sonraisc agus tuarastal a íoc ag tús na bliana dár gcionn.
- Luaigh sé go raibh díolachán Áis ós cionn €1m arís in 2022.

Ghlac an Bord leis an Ráiteas Caiteachais.

**10. Comhfhreagras**

Ní raibh aon chomhfhreagras le plé.

**11. Aon Ghnó Eile**

Ní raibh aon ghnó eile le plé.

Ghabh an Cathaoirleach buíochas do chách agus mheabhraigh sí dóibh go mbeadh an chéad chruinniú eile i mBéal Feirste ar an 10 Márta.

*Regina Uí Chollatáin*

______________________________

**Regina Uí Chollatáin**
**Cathaoirleach**
**08 Feabhra 2023**

**<u>Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2023</u>**

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| R. Uí Chollatáin | ✓ | | | | | | |
| C. McGuinness | ✓ | | | | | | |
| K. Ó hEadhra | ✓ | | | | | | |
| D. Ó Brolcháin | ✗ | | | | | | |
| L. Rushe | ✗ | | | | | | |
| F. Nic Giolla Chatháin | ✓ | | | | | | |
| I. Ó Dochartaigh | ✗ | | | | | | |
| W. Majekodunmi | ✓ | | | | | | |
| N. Ní Chiaráin | ✓ | | | | | | |
| M. Ní Chonghaile | ✓ | | | | | | |
| C. Mac Giolla Mhín | ✓ | | | | | | |
| L. Ní Riada | ✓ | | | | | | |
| D. Mac Cárthaigh | ✓ | | | | | | |

**Miontuairiscí ón 202ú Cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 10 Márta 2023 i Seomra an Bhoird, Raidió Fáilte, 30 Sráid Dhubhaise, Béal Feirste**

| | |
|---|---|
| **I láthair:** | R. Uí Chollatáin (Cathaoirleach), I. Ó Dochartaigh, K. Ó hEadhra, F. Nic Giolla Chatháin, N. Ní Chiaráin, M. Ní Chonghaile, C. Mac Giolla Mhín, D. Mac Cárthaigh |
| **Ar líne:** | C. McGuinness (Leaschathaoirleach), L. Ní Riada, O. Majekodunmi, D. Ó Brolcháin |
| **Ag freastal:** | S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), E. Ní Chorráin, B. Mac Craith, S. Ó hEidhin |
| **Leithscéalta:** | L. Rushe |

**01. Fáilte ón gCathaoirleach**

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh gach duine a bhí i láthair.

**02. Gnó an Chathaoirligh**

Dhearbhaigh an Cathaoirleach go raibh córam ann don chruinniú agus luaigh sí na rudaí seo a leanas:

(a) Go bhfuair sí aiseolas ó na Comhaltaí Boird maidir leis an athbhreithniú ar fheidhmíocht an Bhoird, agus go mbeidh cáipéis ar fáil dóibh gan mhoill.

(b) Go bhfuil seisiún amháin oiliúna fágtha agus go bhfuil an ceann do Chathaoirligh/ Leaschathaoirligh déanta ag roinnt daoine nach ndearna cheana féin é anois.

Ag an bpointe seo den chruinniú tháinig D. Ó Brolcháin isteach sa chruinniú ar líne.

(c) Tugadh eolas don Bhord faoin bpáipéar maidir leis an lá straitéiseach ar an 22 Aibreán.

- Míníodh go mbeidh clár an lae mar seo a leanas:

(1) Cumas Teanga (sealbhú, foghlaim, múineadh)
   - Oideachas
   - Foclóireacht & téarmaíocht
   - An Teaghlach

(2) Úsáid Teanga (deiseanna, gréasáin – labhairt, léamh & scríobh)
   - Forbairt ag leibhéal an phobail & pleanáil teanga
   - Comhtháthú na Gaeilge sa saol laethúil
   - Foilseacháin (leabhair & na meáin)

(3) Tacaíocht (stádas, eolas, bonneagar, teicneolaíocht)
   - Feasacht
   - Seirbhísí don phobal
   - Tionscnaimh leathana

- Míníodh freisin go mbeidh an Cathaoirleach ina héascaitheoir ar an lá.

**03. Miontuairiscí ón gCruinniú Boird 27 Eanáir 2023**

Rinneadh mionleasú ar na miontuairiscí agus glacadh leo.

**04. Nithe ag éirí as na miontuairiscí**

Bhí na nithe seo a leanas ag éirí as na miontuairiscí:

- Míníodh go bhfuil leagan 2023 den Chlár Rioscaí fós le plé ag an gcéad chruinniú eile den Choiste Iniúchta, agus go gcuirfí an leagan leasaithe faoi bhráid an Bhoird ag Cruinniú Boird an 28 Aibreán.
- Luadh an tagairt ar leathanach 3 de mhiontuairiscí Chruinniú Boird 27 Eanáir 2023 d'airgead breise a fuair Foras na Gaeilge in 2022 le dul i ngleic le harduithe pá agus míníodh go mbeidh tuairim ar €69,000, atá ina sholáthar breise eisceachtúil ceadaithe ag RTCEGS&M do 2023.
   - Cuireadh an cheist an mbeidh ardú pá ann ó thuaidh agus míníodh go leantar an treoir chuí ón Státseirbhís sa dá dhlínse, agus nach bhfuil ardú fógartha ó thuaidh faoi láthair.

**05. Baol Coimhlintí Leasa**

Cuireadh in iúl go bhfuil baol coimhlinte leasa ag R. Uí Chollatáin agus D. Mac Cárthaigh maidir le cáipéisí Chlár na Leabhar Gaeilge faoi Choiste na nDeontas.

**06. Tuairisc na hArdbhainistíochta**

Chuir an Príomhfheidhmeannach Tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith.

Pléadh na pointí seo a leanas:

(a) Tagairt d'Fhoras na Gaeilge i Straitéis 5 bliana na Comhairle Oidhreachta; agus

(b) Míníodh go mbeadh deireadh i mbliana leis an gcéad phlean gnímh 5 bliana don Straitéis 20 bliain don Ghaeilge, agus go mbeadh plean úr le forbairt le linn 2023 ag RTCEGS&M i gcomhar leis na comhpháirtithe.
Iarradh go ndéanfaí cur i láthair don Bhord ar a raibh sa phlean gnímh reatha.

(c) Luadh gur cuireadh 54 iarrthóir faoi scrúdú do Shéala an Aistriúcháin agus gur éirigh le naonúr creidiúnú a fháil;
(d) Luadh go bhfuil 10 bhfolúntas fós le líonadh ag Foras na Gaeilge;
(e) Míníodh gur tugadh treoir d'Fhoras na Gaeilge gan an grád pá do phost an Leas-Phríomhfheidhmeannaigh/Stiúrthóra Seirbhísí Oideachais a ardú, agus gur gá an post a fhógairt ag an ngrád reatha, agus ag bun an scála, cé go mbeidh an pá sin níos ísle ná pá ball foirne lonnaithe ó dheas, a bheidh faoina stiúir;
(f) D'fhaomh an Bord an cíos úr ar Thrádstóras Dhún Seachlainn (€51,750) agus tugadh cead Séala Fhoras na Gaeilge a úsáid don léas;
(g) Thug an Bord údarú don mholadh ó Choiste na nDeontas £82,000 a cheadú d'Aonach Mhacha faoin Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge, agus an deontas do Chairde Teo a ceadaíodh roimhe seo a dhíscríobh; agus
(h) Rinneadh tagairt don ócáid seolta a d'eagraigh an tAire Oideachais le haghaidh sheoladh an churaclaim nua bunscoile, agus don chinneadh a rinneadh ciorrú a dhéanamh ar an am a chaitear ar mhúineadh na Gaeilge ag Ranganna 1-6. Iarradh go ndéanfaí plé ar an gceist seo faoi Aon Ghnó Eile ar an gclár.

Ghlac an Bord le Tuairisc na hArdbhainistíochta.

**07. Cur i láthair ar an gCiste Tionscadal**

Tháinig Colm Ó hArgáin isteach sa chruinniú ag an bpointe seo agus rinne sé cur i láthair ar an gCiste Tionscadal agus bhí plé ina leith.

- Moladh an obair atá déanta ag an bhfoireann leis an gciste agus na deiseanna a tugadh do phobal na Gaeilge tionscadail a fhorbairt.
- Fiosraíodh an bhféadfaí liosta de na tionscadail a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin Fhoras na Gaeilge.

**08. Tuairisc ó Choistí an Bhoird**

**a) Coiste Osradhairc**

Thug Cathaoirleach an Choiste achoimre ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste Osradhairc.

**b) Coiste Forbartha**

Thug Cathaoirleach an Choiste achoimre ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste Forbartha.

Tugadh eolas maidir leis an dul chun cinn atá déanta i dtaca leis an bhFóram Forbartha Teanga.

Glacadh sos 15 nóiméad ag an bpointe seo.

**c) Coiste na nDeontas**

Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhág R. Uí Chollatáin agus ag D. Mac Cárthaigh de bharr baol coimhlint leasa agus ghlac C. McGuinness ról an Chathaoirligh.

Thug Cathaoirleach an Choiste achoimre ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú de Choiste na nDeontas. Rinneadh na moltaí seo a leanas:

- Maoiniú le haghaidh ceapacháin in Áis (€40,000) & feabhsúcháin éagsúla – (€10,000);
- Maoiniú aon uaire do na foilsitheoirí a cháiligh cheana féin faoi Scéim na bhFoilsitheoirí (€250,000); agus
- Maoiniú breise do An tSnáthaid Mhór faoi Lá Domhanda na Leabhar (uasmhéid de €10,000),

Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhill R. Uí Chollatáin agus D. Mac Cárthaigh.

**09. Dréacht-bhuiséad 2023**

- Cuireadh dréacht-bhuiséad 2023 i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith. Míníodh nach bhfuil aon athrú ar an mbonnlíne ó 2022 toisc nach bhfuarthas ardú ar an mbuiséad bonnlíne de bharr gan maoiniú cuí a bheith ar fáil ón Roinn Pobal.

Glacadh leis an mbuiséad do 2023 d'aon ghuth.

**10. Ráiteas Caiteachais go dtí 28 Feabhra 2023**

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha (SSC) an Ráiteas Caiteachais go 28 Feabhra 2023 i láthair an Bhoird, agus bhí plé ina leith.

- Dúradh go bhfuil costais dhosheachanta ann macasamhail harduithe pá, pinsean, cíosa agus arduithe praghsanna go ginearálta.
    - Luadh go bhfuil costas reatha pinsin ardaithe go mór le 5 bliana anuas (os cionn €0.7m in 2023). Míníodh go mbaineann an costas seo le costais phinsin do dhaoine atá ar scor, go bhfuil an costas ag dul i méid gach bliain mar chéatadán d'ollbhuiséad Fhoras na Gaeilge, gur costas dosheachanta atá ann, agus in ainneoin go bhfuil treoir shoiléir ann ón dá rialtas gur chóir maoiniú breise a chur ar fáil le costais phinsin na bhforas thuaidh theas a chlúdach, nach raibh an treoir sin á cur i bhfeidhm.
    - Míníodh, de réir mar a mhéadófaí ar an gcostas a bhain le híocaíochtaí pinsean sna blianta atá le teacht, gurbh amhlaidh ba lú a bheadh ar fáil le haghaidh scéimeanna Fhoras na Gaeilge.
    - Iarradh soiléiriú maidir leis an gcaiteachas ar réimsí éagsúla. Tarraingíodh aird comhaltaí ar an léaráid sna cáipéisí a léirigh an briseadh síos de réir céatadán ar an mbuiséad mar seo a leanas:
        - Réimse an phobail – 47.7%;
        - Réimse Seirbhísí Corparáideacha – 32.7%;
        - Réimse na leabhar – 8.5%;
        - Réimse an oideachais – 6.4%;
        - Réimse na cumarsáide – 2.2%; agus
        - Réimse na foclóireachta agus na téarmaíochta – 1.6%.

- Ceistíodh an costas a bhain le réimse na foclóireachta agus na téarmaíochta, agus míníodh, cé nach raibh ach céatadán an-bheag de bhuiséad iomlán Fhoras na Gaeilge á chaitheamh ar fhoclóireacht agus téarmaíocht, go raibh an réimse sin ar cheann den bheagán réimsí a raibh ceangal reachtúil ar Fhoras na Gaeilge ina leith. Ardaíodh roinnt ceisteanna maidir le Tionscadal an Fhoclóra Béarla-Gaeilge, agus na spriocdhátaí agus an buiséad a bhain leis an tionscadal sin. Soiléiríodh gur athraigh an tionscadal de bharr forbairtí i réimse na teicneolaíochta (leagan ar line agus aip do na hardáin éagsúla) agus gur leasaíodh na spriocdhátaí agus an buiséad dá bharr sin le cead an Bhoird agus na ranna urraíochta. Míníodh go bhfuil plean ann do na tionscadail nua foclóireachta agus go n-aithnítear go mbeidh solúbthacht áirithe de dhíth leo cionn is nach fios na forbairtí a thiocfaidh chun cinn i réimse na foclóireachta ná i réimse na teicneolaíochta sna blianta romhainn, ach go mbeadh sé tábhachtach go mbainfí leas as na acmhainní ab fhearr a bheadh ar fáil.
- Iarradh ar an bhfeidhmeannas tuairiscí ar bhonn ráithe ar dhul chun cinn i dtionscadal an fhoclóra aon-teangaigh a chur i láthair an Bhoird.

Glacadh leis an tuairisc ar dhíscríobh, an tuairisc ar cheangaltais 2023, agus leis an Ráiteas Caiteachais.

**11. Comhfhreagras**

Cuireadh in iúl go raibh litir faighte ó Uachtarán Chonradh na Gaeilge, go bpléifí léi de réir an nós imeachta aontaithe, agus go mbeadh tagairt di sa tuairisc ón gCoiste Osradhairc ag an gcéad chruinniú Boird eile.

**12. Aon ghnó eile**

- Rinneadh tagairt do chaighdeán na Gaeilge ar chuid de na fógraí Gaeilge ar na meáin chumarsáide ó dheas – go raibh an Ghaeilge i gcuid acu míchruinn. Fiosraíodh an bhféadfadh Foras na Gaeilge dul i ngleic leis an gceist seo. Míníodh gur chuige sin a bhí Séala an Aistriúcháin – gur chóir aistritheoirí creidiúnaithe a úsáid i gcónaí nuair a bhíonn ábhar á aistriú, agus go mbeadh an córas creidiúnaithe á fhorbairt amach anseo le haghaidh eagarthóirí fosta. Fiosraíodh an bhféadfaí an cheist a ardú ag cruinniú den Choiste Comhairleach um Sheirbhísí san Earnáil Phoiblí.

D’fhag L. Ní Riada an cruinniú ag an bpointe seo.

- Cuireadh an cheist ar cheart aird a tharraingt ar an laghdú ar an am a bheidh le caitheamh ar mhúineadh na Gaeilge i mbunscoileanna de bharr na n-athruithe sa churaclam bunscoile ó dheas. Rinneadh plé fada ar an gceist, agus ar na socruithe éagsúla sa chóras oideachais ó dheas a bhí ag baint d’éifeachtacht mhúineadh na Gaeilge. Rinneadh trácht ar na nithe seo a leanas:
  - An díolúine ó fhoghlaim na Gaeilge – cur chuige nach raibh a leithéid ar fáil sa Bhreatain Bheag i gcás na Breatnaise;
  - Go mbeadh an Rialtas ag brath ar éifeachtacht an chórais oideachais leis an sprioc de 20% d’earcaigh nua sa tseirbhís phoiblí faoi 2030, agus gur léir nach raibh an cheist sin á cur san áireamh ag an Roinn Oideachais;

- Go raibh ag teip ar an gcóras oideachais maidir le líon na ndaoine a bhí de dhíth le riar ar riachtanais na Gaeilge mar theanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh;
    - Go raibh fianaise ann bunaithe ar thaighde a léirigh líon na n-uaireanta teagaisc a bhí de dhíth le caighdeán ar leith a bhaint amach;
    - Gur fáiltíodh roimh an gcinneadh spás a fhágáil sa churaclam le haghaidh fhoghlaim an tríú teanga, ach go raibh sé díomách gurb é múineadh na Gaeilge a bheadh thíos leis sin; agus
    - Go raibh an easpa dul chun cinn maidir le Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha díomách.

- Iarradh páipéar ar éifeachtacht an chórais oideachais ó dheas maidir le múineadh na Gaeilge don chéad chruinniú eile;
- Iarraidh go scríobhfadh an Cathaoirleach chuig an Aire Oideachais, Norma Foley TD, le himní an Bhoird a chur in iúl; agus
- Iarradh go gcuirfí preasráiteas amach ón gcruinniú bunaithe ar an bplé.

Tháinig críoch ar an gcruinniú.

Regina Uí Chollatáin

________________________

**Regina Uí Chollatáin**
**Cathaoirleach**
**31 Márta 2023**

**Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2023**

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| R. Uí Chollatáin | ✓ | ✓ | | | | | | |
| C. McGuinness | ✓ | ✓ | | | | | | |
| K. Ó hEadhra | ✓ | ✓ | | | | | | |
| D. Ó Brolcháin | ✗ | ✓ | | | | | | |
| L. Rushe | ✗ | ✗ | | | | | | |
| F. Nic Giolla Chatháin | ✓ | ✓ | | | | | | |
| I. Ó Dochartaigh | ✗ | ✓ | | | | | | |
| W. Majekodunmi | ✓ | ✓ | | | | | | |
| N. Ní Chiaráin | ✓ | ✓ | | | | | | |
| M. Ní Chonghaile | ✓ | ✓ | | | | | | |
| C. Mac Giolla Mhín | ✓ | ✓ | | | | | | |
| L. Ní Riada | ✓ | ✓ | | | | | | |
| D. Mac Cárthaigh | ✓ | ✓ | | | | | | |

**Miontuairiscí ón 203ú Cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 28 Aibreán 2023 in Áras Chrónáin, Lána Uisce, Bóthar an Úlloird, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22, D22 X856**

**I láthair:** R. Uí Chollatáin (Cathaoirleach), C. McGuinness (Leaschathaoirleach), K. Ó hEadhra, F. Nic Giolla Chatháin, N. Ní Chiaráin, C. Mac Giolla Mhín

**Ar líne:** I. Ó Dochartaigh, W. Majekodunmi, M. Ní Chonghaile

**Ag freastal:** S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), E. Ní Chorráin, B. Mac Craith, S. Ó hEidhin agus S. Keating

**Leithscéalta:** L. Rushe, D. Ó Brolcháin, D. Mac Cárthaigh, L. Ní Riada

**01. Fáilte ón gCathaoirleach**

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh gach duine a bhí i láthair.

**02. Gnó an Chathaoirligh**

Dhearbhaigh an Cathaoirleach go raibh córam ann don chruinniú agus luaigh sí na rudaí seo a leanas:

(a) Go mbeidh cáipéis ar an aiseolas ar fheidhmíocht an Bhoird ar fáil i Mí an Mheithimh.
(b) Go mbeidh iarracht eile le déanamh ar lá pleanála straitéiseach a shocrú.
(c) Go raibh cruinniú fiúntach leis an Aire Stáit, Patrick O'Donovan TD ar an 26 Aibreán 2023.
(d) Go bhfuil litir le cur chuig an Taoiseach ag éirí as an gcruinniú leis an Aire Stáit ar lorg cruinniú le ról Fhoras na Gaeilge mar Fhoras Thuaidh Theas sa todhchaí a phlé.
(e) Go mbeidh fiosruithe ard-leibhéil le déanamh ag an bPríomhfheidhmeannach maidir le bunú ionad Gaeilge i mBéal Feirste faoi Chiste an Oileáin Chomhroinnte.

Moladh go n-iarrfaí cruinniú leis an Rúnaí Stáit ó thuaidh le leas Fhoras na Gaeilge san am atá le teacht a phlé fosta.

**03. Miontuairiscí ón gCruinniú Boird 10 Márta 2023**

Glacadh leis na miontuairiscí ón gCruinniú Boird 10 Márta 2023.

**04. Nithe ag éirí as na miontuairiscí**

Bhí na nithe seo a leanas ag éirí as na miontuairiscí:

- Luaigh an Príomhfheidhmeannach gur sheol an Cathaoirleach litir chuig an Aire Oideachais, Norma Foley, maidir leis na huaireanta foghlama Gaeilge i mbunscoileanna.
- Míníodh go bhfuil cruinniú leis an Aire Oideachais iarrtha. Luadh go raibh cruinniú ar líne ann le hoifigigh sa Roinn Oideachais ar an 27 Aibreán 2023.

**05. Baol Coimhlintí Leasa**

Níor cláraíodh aon bhaol coimhlintí leasa.

**06. Tuairisc na hArdbhainistíochta**

Chuir an Príomhfheidhmeannach Tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith.

Pléadh na pointí seo a leanas:

(a) Cruinnithe agus ócáidí a bhí ann le cúpla mí anuas: Rinneadh plé ar an gcruinniú le Pavee Point ar an 20 Aibreán 2023.
(b) Ceapacháin agus folúntais foirne.
(c) Moladh maidir le cead a thabhairt don Phríomhfheidhmeannach maoiniú a údarú tríd an Scéim Tharmligin do roinnt iarrthóirí faoi Scéim na bhFéilte agus an Chiste Tionscadal. Déanfar seo bunaithe ar mholadh ó chruinniú aon mhíre de Choiste na nDeontas.

Glacadh leis an moladh.

D'fhág an Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha (SSF) an cruinniú ag an bpointe seo.

**07. Páipéar ar Cheisteanna Oideachais**

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Foilsitheoireachta, Foclóireachta agus Téarmaíochta páipéar ar na ceisteanna oideachasúla atá i mbéal an phobail i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith. Tugadh suntas don cháipéis agus iarraidh go gcuirfí leagan nuashonraithe faoi bhráid an Bhoird cúpla uair le linn na bliana.

**08. Tuairisc ó Choistí an Bhoird**

**a) Coiste Cholmcille**

Thug C. Mac Giolla Mhín achoimre ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú de Choiste Cholmcille.

- Tugadh uasdátú ar an gclár forbartha 'Gàidheil agus Gaeilge chun cinn i dTurasóireacht Chultúrtha'.
- Tugadh eolas faoi shiúlóid Ghaeilge, Slí Cholmcille, a bheidh ar siúl ar an 9-12 Meitheamh 2023.

**b) An Coiste Forbartha**

Thug Leas-Chathaoirleach an Choiste achoimre ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste Forbartha.

- Míníodh go mbeadh cruinniú eile ann (scartha ó ghnáth-sceideal an Choiste Forbartha) leis an bhforbairt ar an bhFóram Forbartha Teanga a phlé chomh luath agus is féidir.

**c) An Coiste Iniúchta**

Thug Cathaoirleach an Choiste achoimre ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste Iniúchta.

- Glacadh leis an gClár Rioscaí.

- Luaigh an Cathaoirleach go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh ceist oiliúint na gcomhaltaí Boird cláraithe mar riosca sa Chlár Rioscaí, agus go mbeadh traenáil faighte ag na comhaltaí ar fad.

**d) An Coiste Osradhairc**

Thug Cathaoirleach an Choiste achoimre ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste Osradhairc.

- Míníodh go ndearna an Coiste plé ar litir a tháinig isteach ó Uachtarán Chonradh na Gaeilge agus go mbeifí ag plé léi de réir an nóis imeachta a aontaíodh ag Cruinniú Boird Mhí an Mheithimh 2022.
- Cuireadh in iúl go bhfuil Comhalta i ndiaidh cóip den litir a iarraidh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, ach nár ghá sin ar an ábhar gur féidir le Comhaltaí litreacha a fheiceáil faoin nós imeachta a aontaíodh.
- Meabhraíodh don Bhord gur tuairiscíodh don Bhord ag an Chruinniú Boird i mí an Mhárta go mbeadh an Coiste Osradhairc ag plé leis an litir seo de réir an nóis imeachta, agus gur aontaigh an Coiste Osradhairc ar an chur chuige.
- D'iarr K. Ó hEadhra, C. Mac Giolla Mhín, agus M. Ní Chonghaile go ndéanfaí a nótáil sna miontuairiscí nár aontaigh siad leis an gcur chuige.

D'fhill an SSF ag an bpointe seo den chruinniú.

- Dúirt an Cathaoirleach go rabhthas ag leanúint treoracha ar glacadh leo cheana féin, agus go bhféadfaí an t-ábhar a chur ar chlár oibre sa todhchaí má mheasann comhaltaí uile an Bhoird gur fiú sin.

Glacadh sos 15 nóiméad ag an bpointe seo.

**e) Coiste na nDeontas**

Thug Leas-Chathaoirleach an Choiste achoimre ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú de Choiste na nDeontas. Rinneadh na moltaí seo a leanas:

- €46,384 faoi Scéim na gCampaí Samhraidh 2023.
- £7,600 do Choiste Forbartha Charn Tóchair faoi scéim na gCompántas Drámaíochta Proifisiúnta agus Amaitéarach 2023.
- €32,000 d'Oireachtas na Gaeilge do phróiseas riaradh na nGradam Foilsitheoireachta thar ceann Fhoras na Gaeilge 2023.

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl go mbeadh an feidhmeannas ag moladh leasú ar na nósanna imeachta a bhaineann le húdarú miondeontas don chéad Chruinniú Boird eile, agus go mbeadh an Coiste Iniúchta ag plé na ceiste ag a gcruinniú-san roimh an gCruinniú Boird.

**09. Ráiteas Caiteachais go dtí 31 Márta 2023**

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha (SSC) an Ráiteas Caiteachais go 31 Márta 2023 i láthair an Bhoird, agus bhí plé ina leith.

- Dúradh go bhfuil caiteachas 2023 fós ar sprioc.
- Míníodh go bhfuiltear fós ag iarraidh an tacaíocht bhreise le harduithe tuarastail/ pinsin Fhoras na Gaeilge a fuarthas an bhliain seo caite ó dheas a dheimhniú.

**10. Comhfhreagras**

Ní raibh aon chomhfhreagras ann.

**11. Aon ghnó eile**

Iarradh go gcuirfí dátaí chruinnithe na gcoistí le féilire na gcruinnithe ar Decision Time.

**12. An Chéad Chruinniú Boird eile**

Beidh an chéad Chruinniú Boird eile ar siúl ar an 30 Meitheamh. Beidh an t-ionad le socrú.

Regina Uí Chollatáin

__________________________

**Regina Uí Chollatáin**
**Cathaoirleach**
**19 Meán Fómhair 2023**

**Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2023**

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| R. Uí Chollatáin | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | |
| C. McGuinness | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | |
| K. Ó hEadhra | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | |
| D. Ó Brolcháin | ✗ | ✓ | ✗ | | | | | |
| L. Rushe | ✗ | ✗ | ✗ | | | | | |
| F. Nic Giolla Chatháin | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | |
| I. Ó Dochartaigh | ✗ | ✓ | ✓ | | | | | |
| W. Majekodunmi | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | |
| N. Ní Chiaráin | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | |
| M. Ní Chonghaile | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | |
| C. Mac Giolla Mhín | ✓ | ✓ | ✓ | | | | | |
| L. Ní Riada | ✓ | ✓ | ✗ | | | | | |
| D. Mac Cárthaigh | ✓ | ✓ | ✗ | | | | | |

**Miontuairiscí ón 204ú Cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 30 Meitheamh 2023 in Aonach Mhacha, 74-76 Sráid na nGall, Ard Mhacha, BT61 7LG**

**I láthair:** R. Uí Chollatáin (Cathaoirleach), C. McGuinness (Leaschathaoirleach), K. Ó hEadhra, N. Ní Chiaráin, C. Mac Giolla Mhín, I. Ó Dochartaigh

**Ar líne:** L. Ní Riada

**Ag freastal:** S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), E. Ní Chorráin, B. Mac Craith, S. Ó hEidhin agus S. Keating

**Leithscéalta:** L. Rushe, D. Ó Brolcháin, D. Mac Cárthaigh, W. Majekodunmi, M. Ní Chonghaile, F. Nic Giolla Chatháin

**01. Fáilte ón gCathaoirleach**

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh gach duine a bhí i láthair.

**02. Gnó an Chathaoirligh**

Dhearbhaigh an Cathaoirleach go raibh córam ann don chruinniú agus luaigh sí na rudaí seo a leanas:

- Go bhfuil an Tuarascáil ar fheidhmíocht an Bhoird ag an gcéim dheireanach anois agus go bhfuil roinnt téamaí ag teacht chun tosaigh:
    - Go mbeidh cothromaíocht idir plé ar mhionrudaí agus ar an bpictiúr mór le cinntiú i gcónaí.
    - Go mbeidh deis ag gach Comhalta labhairt le cinntiú i gcónaí.
    - Go bhfuil an seisiún gan feidhmeannas ag feidhmiú anois.
    - Go bhfuil na coistí ag feidhmiú mar is ceart.
    - Go bhfuil sé tábhachtach a chinntiú go mbíonn na deiseanna plé céanna ag comhaltaí.

- Go mbeidh an seisiún ar an Treo Stráitéiseach le hathshocrú go luath.
    - Rinneadh an cinneadh é a reáchtáil an oíche roimhe an gcéad Chruinniú Boird eile agus ansin seisiún eile ag an gCruinniú Boird ag Oireachtas na Samhna.

**03. Miontuairiscí ón gCruinniú Boird 28 Aibreán 2023**

Glacadh leis na miontuairiscí ó Chruinniú Boird 28 Aibreán 2023.

**04. Nithe ag éirí as na miontuairiscí**

Bhí na nithe seo a leanas ag éirí as na miontuairiscí:

- Tá roinnt fiosruithe ardleibhéil déanta ag an bPríomhfheidhmeannach maidir le bunú ionad léirmhínithe Gaeilge i mBéal Feirste faoi Chiste an Oileáin Chomhroinnte. Tá súil cruinniú a shocrú thar an samhradh le hoifigigh ó Aonad an Oileáin Chomhroinnte, i dtreo iarratas a dhéanamh roimh an Nollaig.

  Dhearbhaigh an Bord go raibh siad ina fhabhar leanúint leis na fiosruithe. Míníodh gur dócha gur foirgneamh ar cíos a bheadh ann seachas foirgneamh ceannaithe, agus go mbeadh costais reatha bhreise i gceist nach bhfuil inár mbuiséad faoi láthair. Míníodh go mbeadh an príomhfhócas ar phobail nach bhfuil rochtain acu ar an nGaeilge faoi láthair.

- Scríobh an Cathaoirleach chuig an Rúnaí Stáit ó thuaidh ar lorg cruinniú leis.
- Beidh cruinniú ag an gCathaoirleach agus ag an bhfoireann shinsearach leis an Aire Oideachais ó dheas ar an 5 Iúil.
- Bunaithe ar an gcead a tugadh don Phríomhfheidhmeannach maoiniú a údarú tríd an Scéim Tharmligin do roinnt iarrthóirí faoi Scéim na bhFéilte agus faoin gCiste Tionscadal, pléadh sin ag Coiste na nDeontas, agus cheadaigh an Príomhfheidhmeannach na deontais. Beidh siad le húdarú go siarghabhálach ag an mBord faoi Thuairisc na hArdbhainistíochta.

## 05. Baol Coimhlintí Leasa

Níor cláraíodh aon bhaol coimhlintí leasa.

## 06. Tuairisc na hArdbhainistíochta

Chuir an Príomhfheidhmeannach Tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith.

Pléadh na pointí seo a leanas:

- Go raibh cruinniú ann le baill de chuid fhoireann shinsearach Údarás na Gaeltachta.
- Gur éirigh go geal le Lá Foirne Fhoras na Gaeilge i nGaoth Dobhair.
- Cuireadh ceist faoi staid rochtana suíomhanna idirlín Fhoras na Gaeilge. Mhínigh an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha go mbeidh próiseas tairisceana le heagrú go luath le comhlacht a fhostú le hathbhreithniú agus cothabháil a dhéanamh ar na suíomhanna. Mhínigh sé go mbeadh na ceisteanna maidir le rochtain san áireamh sna critéir thairisceana.
- Tuairiscíodh don Bhord go mbeidh na gníomhaíochtaí breise ar ceadaíodh maoiniú breise dóibh i mbuiséid na gCeanneagraíochtaí do 2022 agus 2023 á gcuimsiú sa ghnáthphróiseas measúnaithe ar phleananna gnó na gCeanneagraíochtaí do 2024.

  Tuairiscíodh freisin go bhfuil an maoiniú breise a ceadaíodh i mbuiséad 2023 curtha ar fáil do thionscadail a bhaineann lena mór-réimse:
    - **Conradh na Gaeilge: €35,000**
    - **Gael Linn: €25,000**
    - **Cumann na bhFiann: €30,000**
    - **Gaeloideachas: €30,000**

- **Glór na nGael: €45,000**
- **Oireachtas na Gaeilge: €25,000**

- Cuireadh ceist faoin obair a dhéanann Cumann na bhFiann ó thuaidh, agus beidh tuairisc ghairid le cur ar fáil ar an obair a dhéanann Cumann na bhFiann ó thuaidh do Chruinniú Boird an 8 Meán Fómhair. D'iarr C. Mac Giolla Mhín go gclárófaí sna miontuairiscí gur ardaigh sé an cheist seo.

- Tarraingíodh aird an Bhoird ar na tionscadail a maoiníodh trí Athdháileadh 2023 go dtí seo i mbliana.

Glacadh leis an Athdháileadh.

- Tuairiscíodh don Bhord gur cheadaigh an Príomhfheidhmeannach na deontais seo a leanas ar an 9 Meitheamh 2023 faoin Scéim Tharmligin:

- **Scéim na bhFéilte (Glaoch a Dó):**
  1. Ionad Uíbh Eachach - £1,080
  2. Conradh na Gaeilge - €1,640
  3. Cumann Gaelach Leath Chathail - £1,960
  4. Muintir Chrónáin - €2,800
  5. Coiste Forbartha Charn Tóchair - £1,960
  6. Glór Uachtar Tíre - £1,960
  7. Conradh Na Gaeilge, Luimneach - €2,000

- **An Ciste Tionscadail:**
  1. Glór Uachtar Tíre - £7,200
  2. Gaelphobal Ard Mhacha Theas - £6,090

- Moladh conradh cumarsáide agus margaíochta 4 bliana a bhronnadh ar Lorg Media:
  1. Mír 1 (Seirbhís Mhargaíochta agus Feasachta) €141,100; agus
  2. Mír 2 (Margaíocht Leabhar). €290,000.

  - Iarradh páipéar gairid do Chruinniú Boird Mheán Fómhair ar an obair a bheidh idir lámha mar chuid den chonradh.

Glacadh leis an moladh.

- Moladh deontas nach mó ná €10,000 a chur ar fáil do Ghlór na nGael le scoláireachtaí do theaghlaigh a bhronnadh faoi Scéim na Scoláireachtaí Gaeltachta 2023 (Teaghlaigh).

Glacadh leis an moladh.

**07. Cur i láthair ó Chonradh na Gaeilge ar an Straitéis don Ghaeilge ó thuaidh**

Tháinig P. Ó Tiarnaigh, Bainisteoir Cumarsáide Chonradh na Gaeilge, isteach sa chruinniú ag an bpointe seo agus rinne sé cur i láthair ar an Straitéis don Ghaeilge ó thuaidh. Gabhadh buíochas leis as an gcur i láthair.

**08. Cur i láthair ar an tionscadal foclóireachta**

Tháinig an Bainisteoir Tionscadal, C. Breathnach, agus an tEagarthóir Sinsearach, P. Ó Mianáin isteach sa chruinniú ag an bpointe seo agus rinne siad cur i láthair ar na tionscadail foclóireachta. Thug siad eolas don Bhord sa chur i láthair ar an dul chun cinn sa dá thionscadal agus ar chaitheamh an bhuiséid. Gabhadh buíochas leo as a gcur i láthair.

**09. Tuairisc ó Choistí an Bhoird**

**a) An Coiste Forbartha**

Ar an ábhar nach raibh Cathaoirleach ná Leas-Chathaoirleach an Choiste Forbartha i láthair, thug K. Ó hEadhra achoimre ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste Forbartha**.**

**b) An Coiste Iniúchta**

Thug Cathaoirleach an Choiste achoimre ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste Iniúchta.

- Glacadh leis an gClár Rioscaí.
- Glacadh le ráiteas an Phríomhfheidhmeannaigh maidir le rialúchán inmheánach airgeadais le haghaidh Chuntais 2021.

**c) An Coiste Osradhairc**

Thug Cathaoirleach an Choiste achoimre ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste Osradhairc.

**d) Coiste na nDeontas**

Thug Cathaoirleach an Choiste achoimre ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú de Choiste na nDeontas. Rinneadh tagairt do na deontais a ceadaíodh faoin Scéim Tharmligin do Scéim na bhFéilte agus don Chiste Tionscadal. Glacadh leis na moltaí seo a leanas:

- €110,497.39 faoi Scéim na bhFéilte.
- €5,000 agus £15,450 faoi ScéimTionscadal Cholmcille.
- €187,663.65 faoi Scéim na nImeachtaí Óige.

D'fhág an Leaschathaoirleach an cruinniú ag an bpointe seo.

**10. Ráiteas Caiteachais go 31 Bealtaine 2023**

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha (SSC) an Ráiteas Caiteachais go 31 Bealtaine 2023 i láthair an Bhoird, agus bhí plé ina leith.

- o Dúradh go bhfuil caiteachas 2023 fós ar sprioc.

Glacadh leis an Ráiteas Caiteachais

## 11. Comhaontú Seirbhíse idir Foras na Gaeilge, An Roinn Pobal agus An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

Cuireadh an Comhaontú Seirbhíse i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith.

Ghlac an Bord leis an gComhaontú Seirbhíse idir Foras na Gaeilge agus na Ranna Urraíochta.

## 12. Cuntais Fhoras na Gaeilge 2021

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha (SSC) Cuntais Fhoras na Gaeilge 2021 i láthair an Bhoird, agus bhí plé ina leith.

Glacadh le Cuntais Fhoras na Gaeilge 2021.

## 13. Comhfhreagras

Ní raibh aon chomhfhreagras ann.

## 14. Aon ghnó eile

Ní raibh aon ghnó eile ann.

## 15. An chéad chruinniú eile

Luadh go mbeidh an chéad chruinniú eile ar siúl i gCeannáras Fhoras na Gaeilge, Baile Átha Cliath, ar an 8 Meán Fómhair 2023.

Tháinig críoch ar an gcruinniú.

Regina Uí Chollatáin

________________________

**Regina Uí Chollatáin**
**Cathaoirleach**
**08 Samhain 2023**

**Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2023**

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| R. Uí Chollatáin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | | |
| C. McGuinness | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | | |
| K. Ó hEadhra | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | | |
| D. Ó Brolcháin | ✗ | ✓ | ✗ | ✗ | | | | |
| L. Rushe | ✗ | ✗ | ✗ | ✗ | | | | |
| F. Nic Giolla Chatháin | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | | | | |
| I. Ó Dochartaigh | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | | | | |
| W. Majekodunmi | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | | | | |
| N. Ní Chiaráin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | | |
| M. Ní Chonghaile | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | | | | |
| C. Mac Giolla Mhín | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | | |
| L. Ní Riada | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | | | | |
| D. Mac Cárthaigh | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | | | | |

**Miontuairiscí ón 205ú Cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine, 8 Meán Fómhair 2023 i gCeannáras Fhoras na Gaeilge, 63-66 Sráid Amiens, Baile Átha Cliath 1, D01 H275.**

**I láthair:** R. Uí Chollatáin (Cathaoirleach), C. McGuinness (Leaschathaoirleach), N. Ní Chiaráin, C. Mac Giolla Mhín, I. Ó Dochartaigh, D. Ó Brolcháin, D. Mac Cárthaigh, F. Nic Giolla Chatháin.

**Ar líne:** L. Ní Riada, K. Ó hEadhra, L. Rushe, M. Ní Chonghaile.

**Ag freastal:** S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), E. Ní Chorráin, B. Mac Craith, S. Ó hEidhin agus S. Keating.

**Leithscéalta:** W. Majekodunmi.

### 01. Fáilte ón gCathaoirleach

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh gach duine a bhí i láthair agus ghabh sí a buíochas leis na daoine a bhí ag an Seisiún Straitéise ar an 7 Meán Fómhair 2023.

### 02. Gnó an Chathaoirligh

Ní raibh aon ghnó ag an gCathaoirleach.

### 03. Miontuairiscí ón gCruinniú Boird 30 Meitheamh 2023

Glacadh leis na miontuairiscí ó Chruinniú Boird 30 Meitheamh 2023.

### 04. Nithe ag éirí as na miontuairiscí

Pléadh na nithe seo a leanas ag éirí as na miontuairiscí:

- Alt ar leathanach 1 de mhiontuairiscí 30 Meitheamh 2023 inar luadh minicíocht na seisiún gan feidhmeannas. Bhí plé fada i leith na dtuiscintí éagsúla a bhí ag comhaltaí maidir le minicíocht na seisiún. Shoiléirigh an Cathaoirleach go bhfuil sé le bheith ar siúl roimh chruinnithe chomh rialta agus is féidir, agus go ndéanfadh sí teagmháil roimh chruinnithe maidir leis na seisiúin (iad a bheith ar siúl nó curtha ar ceal) as seo amach.

- Luaigh an Príomhfheidhmeannach go raibh cruinniú fiúntach ann leis an Aire Oideachais ar an 5 Iúil 2023.

### 05. Baol coimhlintí leasa

Chuir D. Mac Cárthaigh in iúl go raibh baol coimhlint leasa aige maidir le cáipéisí Chlár na Leabhar Gaeilge faoi mhír an Choiste Forbartha.

### 06. Tuairisc na hArdbhainistíochta

Chuir an Príomhfheidhmeannach Tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith.

**Páipéar eolais ar ghníomhaíocht Chumann na bhFiann**

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha páipéar eolais ar ghníomhaíocht Chumann na bhFiann ó thuaidh i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith.

**Achoimre ar Thuarascáil Chomparáideach Foclóireachta**

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Foilsitheoireachta, Foclóireachta & Téarmaíochta achoimre ar Thuarascáil Chomparáideach Foclóireachta i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith.

Tugadh ardmholadh don fhoireann a bhíonn ag plé le cúrsaí foclóireachta as ardchaighdeán a gcuid oibre. Iarradh go bhfiosrófaí an bhféadfaí comhpháirtíocht a fhorbairt le lucht na Gàidhlig maidir le téarmaíocht.

Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhág D. Ó Brolcháin ar feadh seala ghairid.

D'fhill D. Ó Brolcháin.

**Tuairisc 6 Mhí ar Téarma.ie**

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Foilsitheoireachta, Foclóireachta & Téarmaíochta tuairisc 6 Mhí ar Téarma.ie i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith.

**Aiseolas Fhoras na Gaeilge ar Thuarascáil Mheastóireachta an Bhosca Leabharlainne**

Chuir an Príomhfheidhmeannach tuairisc ar Aiseolas Fhoras na Gaeilge ar Thuarascáil Mheastóireachta an Bhosca Leabharlainne i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith. Tugadh ard-mholadh do chaighdeán na tuairisce agus d'obair Áine Ní Ghlinn le linn di a bheith sa ról mar Laureate na nÓg.

**Páipéar imlíne ar Shainchomhairle Seirbhísí Margaíochta 2023-2026**

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha páipéar imlíne ar Shainchomhairle Seirbhísí Margaíochta 2023-2026 i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith.

Iarradh go bhfiosrófaí le Coimisiún na Meán an bhféadfaí treoir a chur ar fáil d'fhógróirí maidir leis an dea-chleachtas i leith úsáid na Gaeilge i bhfógraíocht.

Mhol an Cathaoirleach rún comhghairdis le TG4 as seoladh a gcainéal nua 'Cúla 4' ar an 8 Meán Fómhair 2023.

**Ionad Léirmhíniúcháin Gaeilge do Chathair Bhéal Feirste – páipéar imlíne**

Chuir an Príomhfheidhmeannach páipéar imlíne ar Ionad Léirmhíniúcháin Gaeilge do Chathair Bhéal Feirste i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith.

Fáiltíodh roimh an choincheap, agus aithníodh go mbeadh na mionsonraí le plé leis an mBord amach anseo.

**07. Tuairisc ó Choistí an Bhoird**

**a) An Coiste Forbartha**

Ag an bpointe seo den chruinniú d'fhág D. Mac Cárthaigh de bharr Baol Coimhlint Leasa.

Thug Cathaoirleach an Choiste achoimre ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste Forbartha.

- Glacadh leis na moltaí ó Chlár na Leabhar Gaeilge faoi athbhreithniú ar Scéim na Foilsitheoireachta.
- Glacadh leis na moltaí ó Chlár na Leabhar Gaeilge faoi athbhreithniú ar Scéim na dTionscadal Litríochta – le hathainmniú go dtí An Scéim Litríochta.
- Glacadh leis an moladh go mbeadh soláthar nach mó ná €40,000 ar fáil feasta le haghaidh féile litríochta Gaeilge agus go gcuirfí an maoiniú sin ar fáil do Imram leis an fhéile a rith in 2024 mar thionscadal straitéiseach.
- Ceadaíodh na cáipéisí le haghaidh An Club Leabhar ar Líne agus Seirbhísí Gaolmhara, agus ciste de €120,000 thar 3 bliana ón 1 Eanáir 2024.
- Cuireadh fáilte oifigiúil roimh John Walsh atá nuacheaptha mar chlárbhainisteoir pleanáil chorparáideach.

**b) An Coiste Iniúchta**

Ag an bpointe seo den chruinniú d'fhill D. Mac Cárthaigh.

Thug Cathaoirleach an Choiste achoimre ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste Iniúchta.

- Glacadh leis an Clár Rioscaí do Bealtaine 2023

**c) Coiste Osradhairc**

Thug Cathaoirleach an Choiste achoimre ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste Osradhairc.

**d) Coiste na nDeontas**

Ag an bpointe seo den chruinniú d'fhág K. Ó hEadhra.

Ar an ábhar nach raibh Cathaoirleach an Choiste i láthair, thug Leas-Chathaoirleach an Choiste achoimre ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú de Choiste na nDeontas.

Glacadh leis na moltaí maoinithe seo a leanas:

- €48,000 do 24 Chumann trí Scéim na nImeachtaí Óige 2023/ 2024.
- €15,000 do LeabhairCOMHAR trí Chlár na Leabhar Gaeilge do Lá Domhanda na Leabhar.

**08. Ráiteas Caiteachais go 31 Iúil 2023**

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha (SSC) an Ráiteas Caiteachais go 31 Iúil 2023 i láthair an Bhoird, agus bhí plé ina leith.

- Dúradh go bhfuil caiteachas 2023 fós ar sprioc.
- Dúradh go mbeidh ar Fhoras na Gaeilge fós costais reatha pinsin a chlúdach as an ngnáthbhuiséad.

Glacadh leis an Ráiteas Caiteachais.

**09. Comhfhreagras**

Ní raibh aon chomhfhreagras ann.

**10. Aon ghnó eile**

Ní raibh aon ghnó eile ann.

**11. An chéad Chruinniú Boird eile**

Míníodh go mbeidh an chéad chruinniú eile ar siúl ag Oireachtas na Gaeilge i gCill Áirne ar an 3 Samhain.

Regina Uí Chollatáin

_______________________

**Regina Uí Chollatáin**
**Cathaoirleach**
**03 Deireadh Fómhair 2023**

**<u>Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2023</u>**

| | 27/01 | 10/03 | 28/04 | 30/06 | 8/09 | 03/11 | 15/12 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| R. Uí Chollatáin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | /8 |
| C. McGuinness | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | /8 |
| K. Ó hEadhra | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | /8 |
| D. Ó Brolcháin | ✗ | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | | | /8 |
| L. Rushe | ✗ | ✗ | ✗ | ✗ | ✓ | | | /8 |
| F. Nic Giolla Chatháin | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | | | /8 |
| I. Ó Dochartaigh | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | /8 |
| W. Majekodunmi | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | | | /8 |
| N. Ní Chiaráin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | /8 |
| M. Ní Chonghaile | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | | | /8 |
| C. Mac Giolla Mhín | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | | /8 |
| L. Ní Riada | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | | | /8 |
| D. Mac Cárthaigh | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | | | /8 |

**Miontuairiscí ón 206ú Cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 03 Samhain 2023 i Svuít 4, Óstán Gleneagle, Bóthar Mhucrois, V93 V6WF, Cill Áirne.**

**I láthair:** – C. McGuinness (Leaschathaoirleach), L. Rushe, D. Ó Brolcháin, D. Mac Cárthaigh, W. Majekodunmi, F. Nic Giolla Chatháin K. Ó hEadhra, N. Ní Chiaráin, I. Ó Dochartaigh, L. Ní Riada

**Ag freastal:** S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), P. Deeds (Leas-Phríomhfheidhmeannach agus Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais), E. Ní Chorráin, B. Mac Craith, S. Ó hEidhin agus S. Keating

**Leithscéalta:** R. Uí Chollatáin (Cathaoirleach) M. Ní Chonghaile, C. Mac Giolla Mhín

**01. Fáilte ón Leaschathaoirleach**

Ghlac an Leaschathaoirleach ról an Chathaoirligh de bharr nach raibh an Cathaoirleach i láthair. Cuireadh fáilte roimh P. Deeds, Leas-Phríomhfheidhmeannach agus Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais nua Fhoras na Gaeilge.

**02. Gnó an Chathaoirligh**

Ní raibh aon ghnó ag an gCathaoirleach.

**03. Miontuairiscí 8 Meán Fómhair 2023**

Glacadh leis na miontuairiscí ón 8 Meán Fómhair 2023.

**04. Nithe ag éirí as na Miontuairiscí**

Bhí na nithe seo a leanas ag éirí as na miontuairiscí:

- Luaigh an Stiúrthóir Seirbhísí Foilsitheoireachta, Foclóireachta agus Tearmaíochta go bhfuil tacaíocht i réimse na téarmaíochta do Ghaeilge na hAlban fós á plé faoi láthair. Míníodh go mbeidh cruinniú ann le rudaí a shocrú go luath.
- Míníodh go mbeadh cruinniú ann leis an gCoimisinéir Teanga le treoir maidir le caighdeán fógraí Gaeilge a phlé.
- Ardaíodh ceist faoi fhoilsiú na miontuairiscí ar an suíomh idirlín.

**05. Baol Coimhlintí Leasa**

Chláraigh na comhaltaí seo a leanas baol coimhlint leasa:

- K. Ó hEadhra le cáipéisí Scéim na gCoimisiún.
- D. Mac Cárthaigh le cáipéisí Scéim na gCoimisiún.
- D. Ó Brolcháin le cáipéisí Scéim d'Ionaid Phobail Ghaeilge.
- P. Deeds le cáipéisí Scéim d'Ionaid Phobail Ghaeilge.

**06. Tuairisc na hArdbhainistíochta**

Chuir an Príomhfheidhmeannach Tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith. Pléadh na pointí seo a leanas:

- Luadh go bhfuil grúpa bunaithe ar an Uaimh anois le cúrsaí pleanála teanga a thosú.

- Míníodh go raibh cruinnithe ann le hArdmhéara Bhéal Feirste, le Príomhfheidhmeannach Chomhairle Cathrach Bhéal Feirste agus le Turas faoin Ionad Léirmhíniúcháin Gaeilge i mBéal Feirste.
    - Luadh gur pléadh na féidearthachtaí éagsúla maidir le comhpháirtíocht leis an gComhairle Cathrach, foirgnimh san áireamh.
    - Míníodh go mbeadh cás gnó agus stáidéar féideartha le déanamh ar dtús.
    - Dúradh freisin go bhfuil seans ann go mbeidh eagraíocht eile in ann an t-ionad a bhainistiú.

- An cruinniú le hArd-Stiúrthóir CLG
- Glacadh leis na moltaí maoinithe seo a leanas:
    - Glór na Móna le haghaidh Líonra Gaeilge Iarthar Bhéal Feirste - €50,000 (£43,000).
    - Coiste Forbartha Charn Tóchair le haghaidh Líonra Gaeilge Charn Tóchair - €50,000 (£43,000)
    - Creative Strategic Solutions – Céim 1 den luacháil ar an Chur Chuige Comhpháirtíochta - €40,282.50.

- Glacadh le moladh maidir le ceapadh cathaoirleach nua ar an bhFóram Forbartha Teanga.

Glacadh leis an moladh.

**07. Tuairisc ó Choistí an Bhoird**

**a) An Coiste Forbartha**

De bharr nach raibh Cathaoirleach an Choiste i láthair ag an gcruinniú Boird agus nach raibh Leaschathaoirleach an Choiste i láthair ag an gCoiste féin, thug ball den Choiste achoimre ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste Forbartha agus bhí plé ina leith.

- Pléadh dréacht-Phlean Gnó 2024 Fhoras na Gaeilge.
    - Míníodh gur cuireadh an plean faoi bhráid na Ranna agus go ndearnadh leasuithe beaga air.
    - Luadh go bhfuiltear ag súil le hardú 3% ar chostais anois agus go mbeidh cinntí le déanamh i dtaca leis sin de sa bhliain úr.
    - Tugadh ardmholadh do na baill foirne a bhí ag obair ar an Phlean Gnó as caighdeán a gcuid oibre.

Glacadh le dréacht-Phlean Gnó 2024.

**b) Coiste Iniúchta**

Thug Cathaoirleach an Choiste achoimre ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste Iniúchta agus bhí plé ina leith.

- Luadh go bhfuil lánbhallraíocht ag an gCoiste anois agus ionadaí seachtrach, F. Mac Aodha ann.
- Dúradh go raibh plé ann ar dhíscríobh na ndrochfhiacha.

- Moladh agus glacadh leis an bPolasaí Calaoise.
- Moladh agus glacadh leis an bPolasaí Sceithireachta.

Moladh agus glacadh leis an gClár Rioscaí.

### c) Coiste Osradhairc

De bharr nach raibh Cathaoirleach an Choiste i láthair ag an gCruinniú Boird, chuir Leaschathaoirleach an Choiste achoimre ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste Iniúchta agus bhí plé ina leith.

- Dúradh gur tugadh cuntas ar na brúnna mór buiséid a bheidh ann i 2024:
    - Costais na líonraí Gaeilge ó thuaidh, boilsciú ar bhunchostais agus chíos san áireamh.
    - Luadh go mbeidh deireadh ag teacht le Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge i ndeireadh 2024 agus go mbeadh cinntí le déanamh maidir leis an scéim le linn 2024 don tréimhse 2025 – 2027.
    - Dúradh gur cúis imní iad cúrsaí buiséid agus go mbeidh plean le cur le chéile le dul i ngleic leo ar bhealach a chinntíonn go mbeidh na rudaí tábhachtacha atá á maoiniú faoi láthair fós á maoiniú sa bhliain úr.
- Moladh agus glacadh leis na leasuithe ar an Nós Imeachta maidir le Comhfhreagras don Bhord.
- Luadh go mbeidh athbhreithniú le déanamh ar na Coistí Boird i ráithe 1 2024.
- Aontaíodh nár cheart fóraim phlé ná réamhchruinnithe a eagrú le plé a dhéanamh ar ábhar a bhain leis an Bhord taobh amuigh de na cruinnithe oifigiúla Boird agus Coistí.

### d) Coiste na nDeontas

Thug Cathaoirleach an Choiste achoimre ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste Iniúchta agus bhí plé ina leith. Pléadh na rudaí seo a leanas:

- **Ceanneagraíochtaí**

  Cheadaigh an Bord an maoiniú seo a leanas do na Ceanneagraíochtaí ainmnithe.

| Ainm | Méid molta do 2024 |
|---|---|
| Conradh na Gaeilge | €867,457 |
| Cumann na bhFiann | €775,136 |
| Gael Linn | €675,183 |
| Gaeloideachas | €738,562 |
| Glór na nGael | €1,123,615 |
| Oireachtas na Gaeilge | €647,594 |

- Fiosraíodh na dualgais éagsúla atá ar Ghaeloideachas maidir le bunú scoileanna úra, agus aontaíodh go gcuirfí nóta eolais ina leith seo ar fáil don Bhord.

- Fiosraíodh an bhféadfaí níos mó eolais a chur ar fáil go poiblí ar na rudaí éagsúla a dhéanann na Ceanneagraíochtaí ar fad.
- Iarradh nóta eolais ar na foinsí maoinithe breise atá ag na Ceanneagraíochtaí éagsúla.

- **Scéim na gCoimisiún 2023-2025**

**Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhág D. Mac Cárthaigh agus K. Ó hEadhra de bharr baol coimhlint leasa.**

D'fhaomh an Bord maoiniú ar luach €31,250 do na 10 gcoimisiún seo a leanas faoi scéim na gCoimisiún 2023-2025:

| | Ainm an Fhoilsitheora | Teideal an Choimisiúin | Ainm an Scríbhneora | Deontas molta 2023 | Deontas molta 2025 |
|---|---|---|---|---|---|
| **1** | Leabhar Breac | Tromluí | Máire Uí Dhufaigh | €3,125 | €3,125 |
| **2** | Leabhar Breac | Méabh | Darach Ó Scolaí | €3,125 | €3,125 |
| **3** | Leabhar Breac | Mac Dá Thó | Diarmuid Johnson | €3,125 | €3,125 |
| | **Leabhar Breac – Móriomlán:** | | | **€9,375** | **€9,375** |
| **4** | Cló Iar-Chonnacht | B'fhéidir go bhfuil, b'fhéidir nach bhfuil | Áine Ní Ghlinn | €3,125 | €3,125 |
| **5** | Cló Iar-Chonnacht | Go Gaineamh Rua | Frank Reidy | €3,125 | €3,125 |
| **6** | Cló Iar-Chonnacht | Easnamh | Jackie Mac Donncha | €3,125 | €3,125 |
| **7** | Cló Iar-Chonnacht | Ar Eitiltí | Micheál Ó Conghaile | €3,125 | €3,125 |
| **8** | Cló Iar-Chonnacht | Sna Chéad Déaga | Meadhbh Ní Eadhra | €3,125 | €3,125 |
| **9** | Cló Iar-Chonnacht | Réaltóga | Ógie Ó Céilleachair | €3,125 | €3,125 |
| | **Cló Iar-Chonnacht – Móriomlán:** | | | **€18,750** | **€18,750** |
| **10** | Éabhlóid | Cnuasach Scéalta (Teideal le teacht) | Réaltán Ní Leannáin | €3,125 | €3,125 |
| | **Éabhlóid – Móriomlán:** | | | **€3,125** | **€3,125** |
| | **Scéim na gCoimisiún 2023-2025 – Móriomlán:** | | | **€31,250** | **€31,250** |

- **Scéim na nOifigeach Gaeilge**

**Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhill D. Mac Cárthaigh agus K. Ó hEadhra.**

Rinneadh an moladh seo a leanas i dtaca le Scéim na nOifigeach Gaeilge agus glacadh leis:

- Síneadh 12 mhí a thabhairt do 3 dheontaí na scéime.

- **An Scéim d'Ionaid Phobail Ghaeilge 2023-2024**

**Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhág D. Ó Brolcháin agus P. Deeds de bharr baol coimhlint leasa.**

D'fhaomh an Bord maoiniú €360,051 do na hiarrthóirí seo a leanas:

| Ainm an Eagrais | Contae | € | | Stg£ | |
|---|---|---|---|---|---|
| Gael Forbairt na Gaillimhe | Gaillimh | € | 25,000 | | |
| Aonach Mhacha | Ard Mhacha | | | £ | 21,500 |
| An Droichead | Aontroim | | | £ | 21,500 |
| Glór na Móna | Aontroim | | | £ | 21,500 |
| Coiste Forbartha Charn Tóchair | Doire | | | £ | 21,500 |
| Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain | Aontroim | | | £ | 21,500 |
| Muintir Chrónáin Teo. | Baile Átha Cliath | € | 25,000 | | |
| Conrad na Gaeilge An tAonach - CnaG | Tiobraid Árann | € | 25,000 | | |
| Ionad Uíbh Eachach | Aontroim | | | £ | 20,000 |
| Craobh an Iúir - CnaG | An Dún | | | £ | 21,500 |
| Scoil na Fuiseoige | Aontroim | | | £ | 20,000 |
| Conradh na Gaeilge, Boirche Íochtar | An Dún | | | £ | 16,800 |
| Glór Dhún Geimhin | Doire | | | £ | 16,800 |
| Glor Léim an Mhadaigh | Doire | | | £ | 16,800 |
| Cumann Cluain Árd | Aontroim | | | £ | 16,800 |
| Craobh Inse Chór -Conradh na Gaeilge | Baile Átha Cliath | € | 10,400 | | |
| | | | | | |
| | | **€** | **85,400** | **£** | **236,200** |

| | | |
|---|---|---|
| Mór-Iomlán | € | **360,051** |

- **Scéim don dá Chultúrlann ó Thuaidh 2024-2026**

**Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhill D. Ó Brolcháin agus P. Deeds.**

D'fhaomh an Bord an maoiniú seo a leanas do dá Chultúrlann ó thuaidh:

- An Gaeláras (Cultúrlann Uí Chanainn), Doire - €386,206 (Stg £336,000)
- Cultúrlann McAdam Ó Fiaich, Béal Feirste - €386,206 (Stg £336,000)

**Nóta Eolais - Naíscoil na Seolta**

Nótáil an Bord aistriú a cheadaigh an Príomhfheidhmeannach de £3,878.64 ó línte buiséid eile chuig an mbuiséad 'Cíos' sa deontas dar luach £73,000 le coiste Naíscoil na Seolta a cheadaigh an Bord ar an 23/04/2021.

**08. Ráiteas Caiteachais**

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha (SSC) an Ráiteas Caiteachais go 30 Meán Fómhair 2023 i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith.

- Dúradh go bhfuil caiteachas 2023 fós ar sprioc.
- Luaigh an Príomhfheidhmeannach go mbeidh maoiniú breise á chur ar fáil do Ghael Linn le tacú le teagasc na Gaeilge i mbunscoileanna ó thuaidh agus le dul i ngleic le liosta feithimh Ghaelbhratach.
- Rinne an Príomhfheidhmeannach tagairt do na deacrachtaí leanúnacha leis an Chóras Comhtháite Iarratas, agus go raibh an riosca ann go mbeadh moill le

híocaíochtaí chuig deontaithe dá bharr, agus go mbeadh na fuílligh a bheadh fágtha i ndeireadh na bliana níb airde dá bharr sin.

Glacadh leis an Ráiteas Caiteachais.

**09. Mandáid Bainc agus Rún**
Glacadh leis an mandáid bainc agus rún.

**10. Plé le comhfhreagras**
Ní raibh aon chomhfhreagras ann.

**11. Aon ghnó eile**
Glacadh le rún comhghairdis leis an Chathaoirleach ar bhreith a garmhic agus iarradh go gcuirfí dea-mhéin an Bhoird in iúl di.

**12. An chéad chruinniú eile**
Meabhraíodh do dhaoine go mbeidh an chéad chruinniú eile ar siúl ar an 15 Nollaig i mBéal Feirste.

Regina Uí Chollatáin

_________________________

**Regina Uí Chollatáin**
**Cathaoirleach**
**26 Eanáir 2024**

## Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2023

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| R. Uí Chollatáin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | |
| C. McGuinness | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | |
| K. Ó hEadhra | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | |
| D. Ó Brolcháin | ✗ | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ | |
| L. Rushe | ✗ | ✗ | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ | |
| F. Nic Giolla Chatháin | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | |
| I. Ó Dochartaigh | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | |
| W. Majekodunmi | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | |
| N. Ní Chiaráin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | |
| M. Ní Chonghaile | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ | |
| C. Mac Giolla Mhín | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | |
| L. Ní Riada | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | |
| D. Mac Cárthaigh | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ | |

**Miontuairiscí ón 207ú Cruinniú Boird a tionóladh Dé hAoine 15 Nollaig 2023 in Áras na bhFál, Béal Feirste, BT12 6AF.**

**I láthair:** R. Uí Chollatáin (Cathaoirleach) C. McGuinness (Leaschathaoirleach), L. Rushe, D. Ó Brolcháin, D. Mac Cárthaigh, M. Ní Chonghaile, K. Ó hEadhra, N. Ní Chiaráin, I. Ó Dochartaigh
**Ar líne:** L. Ní Riada, W. Majekodunmi, F. Nic Giolla Chatháin

**Ag freastal:** S. Ó Coinn (Príomhfheidhmeannach), P. Deeds (Leas-Phríomhfheidhmeannach agus Stiúrthóir Seirbhísí Oideachais), E. Ní Chorráin (Stiúrthóir Seirbhísí Foilsitheoireachta, Foclóireachta agus Téarmaíochta), B. Mac Craith (Stiúthóir Seirbhísí Forbartha, S. Ó hEidhin (Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha) agus S. Keating (Oifigeach Feidhmiúcháin in Oifig an Phríomhfheidhmeannaigh).

**Leithscéalta:** C. Mac Giolla Mhín.

**01. Fáilte ón gCathaoirleach**
Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh gach duine a bhí i láthair ag an gcruinniú.

Ghabh an Cathaoirleach a buíochas leis an Leas-Chathaoirleach as ról an Chathaoirligh a ghlacadh ag an gcruinniú deireanach.

**02. Gnó an Chathaoirligh**
Luaigh an Cathaoirleach na nithe seo a leanas:

- Gur aontaíodh go mbeidh cead ag Comhaltaí freastal ar an chruinniú Boird ar Zoom ar chúiseanna eisceachtúla dhá uair sa bhliain ar a mhéad.

- Go bhfuil sceideal cruinnithe 2024 aontaithe anois.

**03. Miontuairiscí 3 Samhain 2023**

Glacadh leis na miontuairiscí ón 3 Samhain 2023.

**04. Nithe ag éirí as na Miontuairiscí**

Aithníodh nach raibh tagairt sna miontuairiscí don rún comhghairdis a ritheadh leis an Chathaoirleach ar bhreith a garmhic i mí na Samhna, agus iarradh go leasófaí na miontuairiscí dá réir.

**05. Baol Coimhlintí Leasa**
Chláraigh na comhaltaí seo a leanas baol coimhlint leasa:

- D. Mac Cárthaigh le cáipéisí faoi mholtaí faoi Chlár na Leabhar Gaeilge.

**06. Tuairisc na hArdbhainistíochta**
Chuir an Príomhfheidhmeannach Tuairisc na hArdbhainistíochta i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith. Pléadh na pointí seo a leanas:

**i) Uasdátú**

- Luadh go bhfuil An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige ó dheas ag obair ar phlean cuimsitheach Gaeilge maidir le cúram leanaí in aois scoile anois. Iarradh go ndéanfaí tosaíocht de na 3 cheist seo a leanas: naíolanna meán Gaeilge, rátaí pá oibrithe agus oiliúint trí Ghaeilge. Mhínigh an Leas-Phríomhfheidhmeannach go mbeadh cruinniú ann arís leis an Roinn i Mí Eanáir 2024 faoi thacaíocht mhaoinithe agus go bhfuil an-suim ag an Roinn ann.
  - Mhínigh an Príomhfheidhmeannach go bhfuil sé geallta go mbeidh cúrsa oiliúna trí Ghaeilge ar luathoideachas ar fáil agus go mbeidh pá inchurtha le scálaí na hearnála i gceist.
  - Cuireadh in iúl go raibh 143 chomhlacht ag Gradaim Ghnó Ghlór na nGael i mbliana (2023) agus go raibh idir 200 agus 300 duine i láthair.
- Luadh go mbeidh athbhreithniú ar na meáin Ghaeilge á dhéanamh ag Coimisiún na Mean in 2024, an chéad uair riamh a bheidh a leithéid á dhéanamh. Míníodh go mbeadh an Rialtas ag féachaint ar na meáin Ghaeilge agus ar na riachtanais ar fad a bhaineann leo. Dúradh go mbeidh J. Walsh, an Clárbhainisteoir Pleanála Corparáidí ag cur comhairle ar Choimisiún na Meán i rith an athbhreithnithe.
- Cuireadh an cheist an bhfuil aon rud tar éis tarlú tar éis an chruinnithe idir an Tánaiste agus na Forais Thuaidh Theas. Míníodh nach bhfuil aon rud curtha i gcrích go fóill ach go bhfuil an-chuid ullmhúcháin ar siúl sa chúlra, ach nach féidir leis an Rialtas ó dheas moltaí i leith athruithe a chur i gcrích gan rialtas a bheith ann ó thuaidh.
- Mhínigh an Príomhfheidhmeannach go raibh cruinnithe ann cheana féin agus cruinnithe eile á socrú le páirtithe polaitiúla ó thuaidh.
- Luaigh an Leas-Phríomhfheidhmeannach go mbeidh cruinniú ann le Príomhfheidhmeannach Translink faoi chomharthaíocht trí Ghaeilge san lárionad nua iompair atá le bheith i mBéal Feirste.
- Soiléiríodh don Bhord gur beirt a bheadh ag plé le cúrsaí acmhainní daonna - Clárbhainisteoir agus Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin feasta.

**ii) Buiséad 2024**

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha uasdátú ar bhuiséad 2024 Fhoras na Gaeilge i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith. Pléadh na nithe seo a leanas:

- Míníodh go bhfuil dúshláin roimh Fhoras na Gaeilge in 2024 toisc nach bhfuil ardú ar an mbonnlíne buiséid, ach go bhfuil ardú ar na costais reatha agus ar an éileamh ar na cláir mhaoinithe.
- Míníodh go mbeidh tuairim ann i Mí Eanáir 2024 faoi airgid a bheidh fágtha ó 2023 a d'fhéadfaí a úsáid le costais a chlúdach in 2024.
- Luadh go bhfuil súil ann go mbeidh buiséad 2024 á chur faoi bhráid an Bhoird i Mí Márta 2024.
- Míníodh go bhfuil seans ann go gcaithfí laghdú a dhéanamh ar réimsí caiteachais éagsúla. Luadh na réimsí seo a leanas:

  - Scéimeanna bliantúla (m.sh. Scéim na gCampaí Samhraidh, Scéim na nImeachtaí Óige, Scéim na bhFéilte, Scéim na gCompántas Drámaíochta agus na Scéimeanna Gnó).
  - An Ciste Tionscadail – bhí €100,000 sa líne seo i mbuiséad 2023.

- Costais foirne – bhí €110,000 sa líne seo i mbuiséad 2023.

**iii) Dúshláin níos fadtéarmaí**

Chuir an Príomhfheidhmeannach tuairisc ar dhúshláin níos fadtéarmaí bhuiséid i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith:

- Luadh go mbeidh deireadh ag teacht leis an mbabhta reatha de Scéim Forbartha Líonraí Gaeilge (SFLG) in 2024 agus go mbeadh cinntí le déanamh mar gheall air sin don chéad bhabhta eile – 2025-2027. Luadh grúpaí úra a bheadh ag súil le teacht faoin scéim agus dá mbeadh an deontas le hoifigeach a fhostú le hardú.
- Míníodh go mbeidh babhta eile de scéim na Líonraí Gaeilge le fógairt fosta, agus dá mbeadh Líonraí Gaeilge sa bhreis ar an dá cheann ó thuaidh faoi láthair, go mbeadh costas de €100k an ceann i gceist. Míníodh go bhfuiltear ag fiosrú an mbeadh an Roinn ó dheas ábalta glacadh leis na costais a bhaineann leis na Líonraí Gaeilge ó thuaidh sa todhchaí, mar a rinneadh roimhe seo faoi Ré Nua Cur Chuige Nua, nó cuid de na cúraimí maoinithe a bhaineann le SFLG a mhaoiniú tríd an mbuiséad imfhálaithe pleanála teanga.
- Míníodh go mbeadh maoiniú mór breise fós de dhíth leis na costais breise faoi SFLG a chlúdach.
- Luadh go mbeadh dúshlán ann freastal ar an éileamh méadaithe a bhfuil súil leis don scéim a thacaíonn le bunú naíonraí agus naíolann.
- Iarradh go bhfiosrófaí foinsí Eorpacha d'fhorbairt na teicneolaíochta.

**Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhág C. McGuinness**

**iv) Creidim Ionat II (2024)**

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha tuairisc ar na pleananna don dara leagan de *Creidim Ionat* i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith.

**Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhill C. McGuinness**

- Míníodh go léiríonn na staitisticí ón gcéad iarracht go raibh an-luach ar airgead ón bhfeachtas, agus go ndeachaigh sé go mór i bhfeidhm ar na pobail éagsúla – an mórphobal, mórphobal na Gaeilge agus pobal na Gaeilge ar bhonn logánta.
- Luadh go mbeidh béim ar cá dtéann daoine i ndiaidh na scéime an uair seo, go mbeidh ranganna ann (ar líne agus timpeall na tíre) agus go bhfuiltear ag iarraidh seo a nascadh leis na ceantair phleanála teanga ag leibhéal áitiúil.
- Dúradh freisin go mbeidh RTÉ ag obair i gcomhpháirt le Foras na Gaeilge arís le fógraí agus cláir a eagrú.
- Míníodh go mbeidh *Creidim Ionat* ag tosú i ndiaidh Sheachtain na Gaeilge in 2024 leis an dá rud a nascadh le chéile.

Ghlac an Bord leis an moladh €50,000 sa bhreis a chur ar fáil don fheachtas.

**v) Páipéar Eolais ar róil agus obair Ghaeloideachais**

Cuireadh an páipéar eolais a d'iarr an Bord ar róil agus obair Ghaeloideachais i láthair an Bhoird. Thug an Cathaoirleach ardmholadh don obair a dhéanann Gaeloideachas, rud ba léir di agus í i láthair ar an gComhdháil Bhliantúil le gairid.

**vi) Príomh-mholtaí Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge óna Thuarascáil ar: Earnáil Scríbhneoireachta, Foilsitheoireachta agus Léitheoireachta na Gaeilge Samhain 2023.**

Cuireadh na moltaí ón Tuarascáil a d'fhoilsigh Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith.

- Míníodh go bhfuil Foras na Gaeilge luaite go sonrach iontu.
- Míníodh go mbeadh sé dúshlánach tabhairt faoin gcuid is mó de na moltaí gan maoiniú mór breise.

**Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhág D. Ó Brolcháin**

**07. Tuairisc ó Choistí an Bhoird**

e) **Coiste Iniúchta**
Thug Cathaoirleach an Choiste achoimre ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste Iniúchta agus bhí plé ina leith.
    - Cuireadh in iúl go gcuirfí an Clár Rioscaí faoi bhráid an Bhoird ag an gcéad chruinniú eile.

**Ag an bpointe seo den chruinniú, d'fhill D. Ó Brolcháin**

f) **Coiste Osradhairc**
Thug Cathaoirleach an Choiste achoimre ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú den Choiste Osradhairc agus bhí plé ina leith. Pléadh na nithe seo a leanas:

    - Míníodh go mbíonn athbhreithniú ar na Coistí Boird gach dara bliain agus go mbeadh moltaí ina leith sin á gcur faoi bhráid an Bhoird sa bhliain úr; agus
    - Aontaíodh go mbeidh béim le cur ar fheachtas faoi na deacrachtaí atá ag Foras na Gaeilge mar gheall ar an easpa buiséid atá ann faoi láthair.

g) **Coiste na nDeontas**
Thug Cathaoirleach an Choiste achoimre ar na nithe a pléadh ag an gcruinniú de Choiste na nDeontas agus bhí plé ina leith. Pléadh na rudaí seo a leanas:

**1) Moltaí Chlár na Leabhar Gaeilge**

Faomhadh na moltaí seo a leanas ó Chlár na Leabhar Gaeilge:

## i) Scéim na Foilsitheoireachta (2024-2026)

| | Ainm an Fhoilsitheora | Maoiniú 2024 | Maoiniú 2025 | Maoiniú 2026 | Móriomlán 2024-2026 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | ***Ardchéim*** | | | |
| 1 | Cló Iar-Chonnacht | €178,000 | €160,000 | €160,000 | **€498,000** |
| 2 | Futa Fata/Barzaz | €177,537 | €120,892 | €120,892 | **€419,321** |
| | | | **80% de mhaoiniú 2024** | **80% de mhaoiniú 2024** | |
| 3 | Leabhar Breac | €77,000 | €61,600 | €61,600 | **€200,200** |
| 4 | COMHAR | €48,840 | €39,072 | €39,072 | **€126,984** |
| | | ***Meánchéim*** | | | |
| | | | **70% de mhaoiniú 2024** | **70% de mhaoiniú 2024** | |
| 5 | An tSnáthaid Mhór | €80,000 | €56,000 | €56,000 | **€192,000** |
| 6 | Éabhlóid | €80,000 | €56,000 | €56,000 | **€192,000** |
| 7 | Foilseacháin Ábhar Spioradálta | €72,000 | €50,400 | €50,400 | **€172,800** |
| 8 | Oidhreacht Chorca Dhuibhne | €64,000 | €44,800 | €44,800 | **€153,600** |
| 9 | My Irish Books | €62,820 | €43,974 | €43,974 | **€150,768** |
| 10 | Arlen House | €36,000 | €25,200 | €25,200 | **€86,400** |
| 11 | An Sagart | €28,803 | €20,162 | €20,162 | **€69,127** |
| | | ***Bunchéim*** | | | |
| | | | **70% de mhaoiniú 2024** | **70% de mhaoiniú 2024** | |
| 12 | Óga Yoga | €9,000 | €6,300 | €6,300 | **€21,600** |
| 13 | The Weatherbies | €8,000 | €5,600 | €5,600 | **€19,200** |
| | **Móriomlán:** | **€922,000** | **€690,000** | **€690,000** | **€2,302,000** |

## ii) Scéim na Litríochta

| | Ainm an Iarratasóra | Maoiniú 2024 |
|---|---|---|
| 1 | Aontas na Scríbhneoirí Gaeilge | €8,000 |
| 2 | Naíscoil Ghreanacháin | €8,000 |
| 3 | Dingle Lit CLG | €8,000 |
| 4 | AerachAiteachGaelach | €8,000 |
| 5 | Éigse Éireann | €8,000 |
| 6 | Leabhair Pháistí Éireann | €7,850 |
| 7 | Panessa Studios | €7,680 |
| 8 | An Gaeláras Ltd Cultúrlann Uí Chanáin | €7,674 |
| 9 | The John Hewitt Society | €6,977 |
| 10 | Áras Scríbhneoirí na hÉireann | €6,840 |
| 11 | Institute of Irish Leadership | €6,512 |
| 12 | Fighting Words | €5,000 |
| 13 | Young at Art | €4,739 |
| 14 | Scríbhneoirí Chiarraí | €4,708 |
| 15 | Plean Teanga Glór na nOileán | €3,800 |
| 16 | Ollscoil na Gaillimhe | €3,170 |
| 17 | Ó Bhéal | €2,700 |
| 18 | An Chúirt Filíochta | €1,800 |
| | | **€109,450** |

### iii) Club Leabhar ar Líne agus Seirbhísí Gaolmhara (2024-2026)

Faomhadh conradh suas go €40,000 in aghaidh na bliana (€120,000 san iomlán) don tréimhse trí bliana (2024-2026) a bhronnadh ar **Gaelchultúr**.

### 2) Gaelbhratach

Faomhadh soláthar deontais nach mó ná €120,000 a chur ar fáil do Ghael Linn ó 01/01/24 go dtí 31/12/24 don scéim Gaelbhratach.

### 3) An tÁisaonad

Faomhadh deontas nach mó ná £272,486 (€316,844) a chur ar fáil don Áisaonad (Coláiste Ollscoile Naomh Muire) ó 01 Eanáir 2024 go dtí 31 Nollaig 2024.

### 4) An Scéim Scoláireachtaí

Faomhadh síneadh 2 bhliain a chur leis an scéim a chlúdódh samhraidh 2024 agus 2025 agus an soláthar thíos atá ag teacht leis na deontais a ceadaíodh do scéim 2020-22.

| Deontaí | Réimse | Méid an deontais |
|---|---|---|
| Conradh na Gaeilge | Faoi 18 ó thuaidh | €75,894 |
| Gael Linn | Faoi 18 ó thuaidh | €57,154 |
| Gael Linn | Daoine fásta ó thuaidh & ó dheas | €8,000 |
| Glór na nGael | Teaghlaigh | €20,000 |

## 08. Ráiteas Caiteachais

Chuir an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha (SSC) an Ráiteas Caiteachais go 30 Samhain 2023 i láthair an Bhoird agus bhí plé ina leith.

- Dúradh go bhfuil an caiteachas fós ar sprioc.
- Míníodh go mbeidh fuílligh fágtha do 2024 le cúpla sonrasc breise a chlúdach i dtús 2024.
- Luadh go bhfuil cúpla líne buiséid a bhfuil measarthacht maoinithe iontu go fóill mar gheall ar airgead aon-uaire a fuarthas i mbliana a bhfuil lipéad air cheana féin do 2024.
- Fiosraíodh an bhfuil go leor á chaitheamh ar chumarsáid agus margaíocht agus dearbhaíodh nach mbíonn ach 2.2% den ollbhuiséad bonnlíne curtha de leataobh don réimse sin, agus go raibh beirt bhall foirne ag plé leis, ach d'eagraíocht a mbaineann a príomhchúraimí le cur chun cinn na Gaeilge, go raibh na hacmhainní a bhí ar fáil don réimse an-teoranta, agus go mbeadh an cheist sin le plé ag pointe éigin. Fiosraíodh an raibh an sciar sin ag teacht leis an maoiniú a chuirfeadh eagraíochtaí eile ar fáil.
- Tugadh cead don Phríomhfheidhmeannach i gcomhairle leis an gCathaoirleach, caiteachas ba chóir teacht faoi bhráid an Bhoird a cheadú idir seo agus an chéad chruinniú Boird eile faoi **Mhír 3** den Scéim Tharmligin – **3. Cinntí Práinneacha**.

Glacadh leis an Ráiteas Caiteachais.

## 10. Plé le comhfhreagras

Ní raibh aon chomhfhreagras ann.

**11. Aon ghnó eile**
Iarraidh go bhfiosrófaí an bhféadfadh Foras na Gaeilge ainmniúcháin a dhéanamh sna toghcháin do Sheanad Éireann, agus go n-ullmhófaí páipéar ar an gceist don chéad chruinniú Boird eile.

Iarradh go bhfiosrófaí na féidearthachtaí a bhain le tacaíocht pleanála teanga a thabhairt d'Acaill mar a rinneadh do Leithinis Uíbh Ráthaigh.

Tugadh nuashonrú don Bhord go raibh €250k le cur ar fáil ag an Roinn ó dheas don taighde 10 mbliana ar dhearcthaí an phobail i leith na Gaeilge.

Thug an Cathaoirleach buíochas don Bhord agus don fheidhmeannas as a saothar le linn 2023, agus ghuigh Nollaig faoi mhaise do gach duine. Thug sí buíochas ar leith do Sheán Keating as ucht an chuidithe agus na tacaíochta a bhí curtha ar fáil aige don Bhord le linn na bliana.

**12. An chéad chruinniú eile**
Meabhraíodh do dhaoine go mbeidh an chéad chruinniú eile ar siúl ar an 26 Eanáir 2024 i mBaile Átha Cliath.

Regina Uí Chollatáin

_______________________

**Regina Uí Chollatáin**
**Cathaoirleach**
**8 Márta 2024**

**Tinreamh ag Cruinnithe Boird in 2023**

| | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| R. Uí Chollatáin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ |
| C. McGuinness | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| K. Ó hEadhra | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| D. Ó Brolcháin | ✗ | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ |
| L. Rushe | ✗ | ✗ | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ |
| F. Nic Giolla Chatháin | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ |
| I. Ó Dochartaigh | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| W. Majekodunmi | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ |
| N. Ní Chiaráin | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| M. Ní Chonghaile | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✗ | ✓ |
| C. Mac Giolla Mhín | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ |
| L. Ní Riada | ✓ | ✓ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ |
| D. Mac Cárthaigh | ✓ | ✓ | ✗ | ✗ | ✓ | ✓ | ✓ |